

Ár lá Amuigh

Le Willie Russell

Scoil Chonaill

Aistrithe agus curtha in oiriúnacht don ardán
ag Kay Ní Ghallchóir agus Cathal Ó Fearraigh

Foireann

Carúil

Les

Máistreás

Príomhoide

Briggs

Páistí

Reillí

Digga

Tiománaí

Andrews

Linda

Freastalaí

Fear Zú

Radharc 1

Ar an tsráid.

- Les** Haigh, thusa!
- Carúil** Cad é?
- Les** Fan! Glac d'am agus bí cúramach!
- Carúil** Arú Les! Tá mé ag iarraidh a dhul 'na scoile.
- Les** Bhal, sin scéal úr duitse...
- Carúil** Tá muid ag dul ar turas.
- Les** 'nois éist! An bhfuil tú ag éisteacht ?
- Carúil** Tá Les!
- Les** Ní thrasníonn tú an bealach mór gan mo chuidiúse.
- Carúil** Níl a dhath ag teacht.
- Les** Cad é'n dóigh nach bhfuil a fhios agat nach dtig carr nó leoraí thart an coirneál sin go gasta? Bhal?
- Carúil** Yeah! Níor smaointigh mé air sin.
- Les** Tá a fhios agam, ní smaointíonn sibh, am ar bith. Sin an tuige a bhfuil an job seo agamsa.
- Carúil** Maith thusa Les!
- Les** Cá bhfuil sibh ag dul inniu?
- Carúil** Áit éigin, i bhfad ar shiúl.
- Les** Bhfuil an scaifte "mire" uilig ag dul?
- Carúil** Níl, díreach an grúpa s'againne.
- Les** Cad chuige seo?
- Carúil** Níl a fhios agam – maram gur muid is fearr.
- Les** Huh! Fan bomaite.
- Carúil** Arú Les! Deifrig! Sin Briggsí ag teacht.

Les

Briggsí? Fuair mé an t-am sin thú, “Mr Briggs”. Tá sé ro-mhaith agat a mhoncaí!

Radharc 2

Geataí na Scoile

Bus. Grúpaí páistí. Grúpaí thart ar an mháistreás.

Máistreás Ceart go leor. Ceart go leor. Tugaigí bomaite dom go socróidh mé rudaí. Anois, sibhse - an bhfuil cead agaibh a theacht ar an turas ach nár dhíol go fóill, tagaigí anall anseo chugam.

Bogann sí anonn píosa.

Radharc 3

Príomhoide ag siúl isteach 'na scoile.

Tá an Príomhoide ag caint le Máistir Briggs.

Príomh Ó – sin tú a Liam, tá an rang fiáin ag gabháil ar turas agus ba mhaith liom dá rachfá leo. Tá tú de dhíth le súil ghéar a choinneáil ar rudaí.

Briggs Tchífidh mé.

Príomh Níor chóir dom a bheith ag caint faoi mhúinteoir eile, ach níl smacht ar bith aici orthu.

Briggs Nuair a smaoiním ar an amaidí a bhíos uirthi, tuigim do scéal. Cuirfidh mise múineadh orthu, uilig!

Príomh Bhí a fhios agam go dtiocfadh liom brath ort.

Radharc 4

Geataí na scoile.

Páistí Briggsí!

Máistreás Maidin mhaith a Uasal Briggs!

Briggs Maidin mhaith?

Páistí Maidin mhaith a Phríomhoide.

Príomh Maidin mhaith a pháistí.

Tig beirt pháistí eile chun tosaigh.

Reillí ‘Mháistreás, ‘Mháistreás, dtig linne a theacht libh? ‘dtig ?

Máist A Bhriain, níl sibhse sa rang seo.

Reillí Och, ‘Mháistreás, ba ghnáth linn a bheith ...

Máist Ach níl sibh ann anois a Bhriain.

Digga Och a Mháistreás, c’mon!

Máist Amharcaigí. Tá’s agaibh go dtabharfainnse sibh, ach ní ormsa atá sé ag brath. Cé’n máistir atá agaibh?

Reillí Briggsí, an tUasal Briggs.

Máist Caithfidh sibh a chead a fháil.

Reillí Cinnte!

Máist A Bhriain! Bíodh nóta leat.

Reillí Á, cad chuige a Mháistreás ?

Máist Ní amadán ar bith mise. Ligfidh tú ort go bhfuair tú cead.

Reillí Anois, an ndéanfainnse a léithéid ?

Digga Ó leoga, maise dhéanfá.

Imíonn Reillí agus Digga agus labhrann an Mháistreás leis na páistí eile.

Máist Isteach sa bhus libh a pháistí.

Tiománaí Stopaigí!

Páiste Dúirt an mháistreás go dtiocfadh linn a dhul isteach sa bhus.

- Tiom** Ó ar dhúirt anois?
- Páistí** Dúirt.
- Tiom** Bhal, éistigí shibhse liomsa bomaite. Ní hí an mháistreás tiománaí an bhus. Is mise an tiománaí. Má abraimse nach bhfuil cead isteach agaibh, níl cead isteach agaibh!
- Máist** ‘Bhfuil a dhath contráilte anseo?
- Tiom** ‘Bhfuil tusa i gceannas, Madam?
- Máist** Tá mé.
- Tiom** Níor checkáil tú iad, ar checkáil?
- Máist** ...iad a checkáil, fá choinne Cad é ?
- Tiom** Milseáin agus liomanáid! Chonaic mise an brachán a bhíos ar bhusanna eile. Scaifte páistí - iad uilig ag cur amach thart achan áit. Ní cheadaimse a léithéid.
- Máist** Ceart go leor a thiománaí. Éistigí bomaite beag a pháistí. Má tá milseáin nó liomanáid le aonduine, cuirigí suas na lámha beaga!
- Ní chuirtear lámh in airde.*
- Anois a thiománaí, sin, sin réithithe, ceart go leor ?
- Tiom** Níl, níl sé ceart go leor. Ní thig leat a bhfocal a ghlacadh. Caithfear iad a chuartú. Chá dtig leat aird a thabhairt ar pháistí.
- Tá’n temper briste ag an mháistreás!*
- Máist** ‘dTiocfadh liom focal a bheith agam leat? ...go príobháideach?
- Tig sé amach as an bhus go malltriallach.*
- Máist** C’ainm atá ort?
- Tiom** M’ainm? Ní gnáth liom m’ainm a thabhairt.
- Máist** Goitse anois, c’ainm atá ort?
- Tiom** Micí, Micí Mac Pháidín.
- Máist** Bhal a Mhicí, amharc suas síos na sráideanna seo. An ndéarfá go bhfuil na daoine sna tithe seo lobhtha le hairgead?
- Tiom** De ghnáth is iad na “Big Shots” a bhíos liomsa.
- Máist** Ceart go leor. Ní maith leat na páistí seo. Tchím sin. Ach an gcaithfidh tú a bheith olc daofa?
- Tiom** Cad é a rinne mé? Níor iarr me orthu ach fanacht.

Máist

‘Mhicí, an bhfeiceann tusa na páistí seo? Níor ith siad seo milseáin, ná níor ól liomanáid, ariamh. Seo iad na páistí a bhíos ag amharc ar na rudaí deasa i bhfuinneoga na siopaí, agus fios acu nach mbeidh siad achoíche ábalta a dhath a cheannach. Ag an Nollaig nuair a bhíos “Big Shots” s’agatsa ag ithe a sáith agus ag oscailt a mbronntanaisí, bíonn na créatúir seo ag siúl, ag siúl, ag siúl na mbealtaí móra.

Glacann an tiománaí an t-eolas seo go h-olc.

Radharc 5

Istigh sa Bhus

Páistí ag ithe milseán agus ag ól liomanáide! Tig an tiománaí ar bord. Nuair a iompaíonn sé thart chuig na páistí, níl an liomanáid ná na milseáin le feiceáil! Tugann an tiománaí airgead as a phóca.

Tiom Haigh, tar anseo a mhic, rith anonn chuig na siopaí agus ceannaigh an oiread milseán 's a thig leat air sin.

Glacann an páiste an t-airgead agus amach as an bhus leis.

Páiste Cad é a rinne tú?

Máist Och, tréan, tréan eolais a thabhairt dó.

Éiríonn sí agus labhrann sí leis na páistí.

Máist Éistigí achan duine, ní bheidh sé i bhfad anois go mbeidh muid ag imeacht, (*cheers!*) Is mian liom go mbeidh am maith againn uilig inniu. Bainigí sult as an lá.

Tig Digga agus Reillí ag rith.

Reillí 'Mháistreás, tá muidne ag teacht fosta. Dúirt an Máistir Briggs go raibh sé ceart go leor.

Máist 'Bhriain , cá bhfuil do nóta?

Reillí Chá dtug sé aon cheann dúinn a Mháistreás, tá sé féin ag teacht. D'iarr sé oraibh fanacht leis.

Téann Digga agus Reillí go cúl an bhus.

Reillí Right, 'amadáin, bog.

Páiste Cad chuige?

Reillí Mar tá na suíocháin chúil de dhíth orainn.

Páiste Níl sibhse sa rang seo.

Digga Ba ghnáth linn a bheith, so, bog.

Reillí Bíodh meas agat ar an aois!

Digga Aye! Ar an aois!

Tig Briggs ar bord. Seasann sé. Ligeann na páistí osna.

Briggs Reillí! Digga! Suígí!

Reillí Ní raibh muid ach ag...

Briggs Suígí síos!

Labhrann sé leis an mháistreás.

Briggs Tá cúpla boc ansin agat. Meascán ceart!

Máist Beidh muid go breá anois, tá tusa linn, cad chuige a bhfuil tú linn?

Briggs Mheas an Príomhoide gur mhaith an rud dá mbeadh tuilleadh cuidithe agat...

Máist Ó, an é sin mar atá?

Seasann Briggs le labhairt leis na páistí.

Briggs Ceart go leor. Éistigí. Is mian linn go mbainfidh sibh sult as an lá!
Is mian!
Ach tá measaracht agaibh nach raibh ar turas scoile aroimhe.
Agus ní bheidh a fhios agaibh cén dóigh le sult a bhaint as...
Inseoidh mé daoibh.
Suíonn muid inár suíocháin.
Ní bhíonn muid ag rith suas síos an bus.
Labhrann muid go séimh lenár gcairde.
Ní bheidh muid ag scairtí.
'Bhfuil tusa ag éisteacht a ghirseacha?

Briggs Amharcann muid amach ar an radharc. Agus ní dhéanann muid a dhath eile.

Páistí ag éisteacht, díomá orthu.

Briggs Beidh múineadh orainn. Nach mbeidh?

Páistí Beidh.

Briggs Beidh, a mháistir.

Páistí Beidh, a mháistir.

Briggs Is minic a thiomáin mise ar chúl busanna scoile. Chonaic mise na lámha agus na méara in airde. Chonaic, ach ní dhéanfaidh muidne sinn. An ndéanfaidh?

Páistí Ní dhéanfaidh, ní dhéanfaidh a mháistir.

Ritheann páiste isteach ag pilleadh ón siopa!

Páiste Fuair mé na milseáin! Tréan d'achan duine!

Briggs C'áit a bhfuair seisean airgead fá choinne milseáin?

Máist Thug Micí airgead dó...

Tiom Gabh mo leithscéal.

Tiom An dtuigeann tú, tá na páistí seo mar a bheadh aingle beaga ann caillte ag siúl fríd saol, cruaidh, casta, bocht.

Briggs

(*Ag labhairt leis an mháistreás.*) Tá péarla amach de thiománaí linn! Beidh an lá seo suimiúil.

Radharc 6

An Bus ag Fágáil

Tosaíonn an tiománaí an bus.

<u>Digga</u>	Las suas a Reillí!
<u>Reillí</u>	Cá bhfuil Briggsí?
<u>Digga</u>	Thuas sa toiseach. Coinneoidh mise súil ar rudaí. Goitsigí. Tá muid ceart go leor, lasaigí suas!
<u>Páiste</u>	Haigh! Tá toitíní agaibhse, inseoidh mise oraibh.
<u>Reillí</u>	Druid suas, agus oscail an fhuinneog sin.
<u>Páiste</u>	Tá mise ag gabháil a inse don mháistreás.
<u>Digga</u>	Imigh. Inis leat, ní dhéanfaidh sí a dhath.
<u>Páiste</u>	Inseoidh mé don mháistir.
<u>Reillí</u>	Déan sin agus brisfidh mé an smut agat.
<u>Digga</u>	Goitse, oscail an fhuinneog sin.
<u>Páistí</u>	Cad chuige?
<u>Andrews</u>	Oslóidh mise an fhuinneog duit a Reillí. Tabhair dom toitín.
<u>Reillí</u>	Faigh do chuid féin!
<u>Andrews</u>	Arú! Go on. D'oscail mise an fhuinneog duit.
<u>Digga</u>	Thig leat ceann a cheannach uainn.
<u>Andrews</u>	Ní thig, níl airgead ar bith agam.
<u>Reillí</u>	Nach cinnte go bhfuil airgead agat?
<u>Andrews</u>	Níl cent agam.
<u>Digga</u>	Bhal, níl toitín agat ach oiread!
<u>Andrews</u>	Bhéarfaidh mé mo chárta 'Match Attacks' duit.
<u>Reillí</u>	Cá mhéad cárta agat?
<u>Andrews</u>	Ceann amháin, Gareth Bale.
<u>Reillí</u>	A, Gareth Bale.

Digga Briggsí!

Reillí Seo duit.

Andrews Go raibh maith agat.

Briggs Cuir as é!

Andrews A Mháistir, ní...

Briggs Cuir as é.

Andrews A Mháistir, ní raibh mé ach...

Briggs An leatsa an toitín a Reillí?

Reillí Ó, ní liomsa é a Mháistir.

Digga Ná creid é!

Páiste Is le Reillí an toitín, a mháistir.

Briggs Dhéanfaidh sin gnóithe. Níl caitheamh ar bith de dhíth. An dtuigeann sibh sin? An dtuigeann sibh sin? Suas go dtí an toiseach leatsa a Reillí.

Reillí Arú, a mháistir.

Amharcann Briggsí go confach air.

Reillí Ceart go leor a mháistir.

Páistí (Ag magadh faoi Reillí.) Ceart go leor a mháistir.

Máist Bhfuil tú ag baint suilt as an lá a Charúil?

Carúil Tá, is maith liom a bheith ag amharc amach ar na tithe deasa. Ba mhaith liom cónaí i gceann acu.

Máist Nach bhfuil teach deas agaibh sa bhaile?

Carúil Bhíodh, ach níl níos mó.

Máist Cad é a tharla?

Carúil Caitheadh amach muid. Ní raibh Mamaí ábalta an cíós a dhíol...

Máist Cad chuige nár inis tú sin dom?

Carúil Dúirt Mamaí gan a dhath a rá.

Máist A Charúil...

Briggs Amharcaigí ar na comharthaí sin.

Reillí Cad chuige a mháistir.

Briggs Beidh sé maith ag bhur dTíreolaíocht. Coinnígí cuimhne ar na bailte seo uilig. Thig libh cuntas a scríobh amárach... A Charúil, cad é a deir an comhartha seo?

Reillí A mháistir, níl, níl Carúil ábalta léamh.

Briggs Bhfuil seo fíor? Cad chuige a dtig tú 'na scoile?

Carúil: Ceann síos. Ní labhrann sí.

Máist Gabh mo leithscéal. Tá Carúil ábalta léamh anois. D'oibir sí go cruaidh le tamall. A Bhriain, níl mé ró-shásta leat.

Reillí Arú, a Mháistreás, ní raibh mé ach ag magadh!

Máist Tá's agam, sin mar a bhíos tú i gcónaí.

Tchíonn Briggsí páiste nach bhfuil an t-éideadh ceart uirthi.

Briggs Linda Crocslaí!

Linda Cad é!

Briggs Cén sórt éideadh sin?

Linda Cad chuige?

Briggs Cad chuige, ná labhair mar sin liomsa. Cá bhfuil d'éideadh scoile?

Linda Dúirt an mháistreás go raibh seo cool!

Briggs Ní ag caint leis an mháistreás atá tú.

Linda Tá's agam...

Briggs Tá's agam, a mháistir!

Linda Okay!

Briggs Lean ar aghaidh mar seo agus ní ligfear amach as an bhus tú ar chor ar bith.

Linda Ní miste liom.

Imíonn Linda suas an bus. Tig Andrews aníos.

Briggs Cá fhad tú ag caitheamh?

Andrews A mháistir, ní chaithimse, ó bhí mé ochtar, a mháistir.

Briggs Cén aois thú anois?

Andrews Trí bliana déag, a mháistir.

Briggs An dtuigeann tú go bhfuil siad olc ag dó shláinte?

Andrews Tuigim. Bíonn droch-chasachtach orm go minic.

Briggs Cad chuige nach stadann tú?

Andrews Níl mé ábalta a mháistir.

Briggs Trí bliana déag, agus níl tú ábalta stad!

Radharc 7

Faoin Tuath

- Maist** ‘Mhicí, bhfuil áit ar bith a dtiocfadh linn stopadh agus ligint do na páistí siúl thart tamall? Tá a gcosa beaga nimhneach.
- Tiom** Bhal, bhfuil a fhios agat, tá cupla caifé agus siopa suas an bealach. Ar mhaith leat dá stopfainn ag ceann acu?
- Máist** Beidh sin go breá.

Radharc 8

Caifé

Freas

B'fhearr dom na cupaí a shocrú. Tá bus ag teacht.

Freas

Is dócha gur seandaoine atá ann, chomh luath seo sa séasúr. (*Amharcann sí amach.*)
Ó ' Dhia ,páistí scoile. Cad é 'dhéanfaidh mé?

Radharc 9

Sa bhus

Briggs

Tá an café sin druidte.

Máist

Tá sé luath sa séasúr. B'fhéidir go bhfosclódh siad suas dá mbeadh a fhios acu go raibh muid anseo. Rachaidh mé anonn go bhfeice me.

Radharc 10

Sa Chafé

Freas Tá muid druidte!

Máist Ní thiocfadh libh a bheith.

Freas Nár chuala tú mé? Tá muid druidte.

Máist Bhfuil siopa ar bith eile oscailte?

Freas Siopa Ronáin atá ar diúite inniu!

Máist Go raibh maith agat.

Imíonn an Mháistreás.

Bean R B'fhearr dom Rónán a fónáil agus a insint dó gur chuir mé lán bus chuige. Uair amháin ariamh a lig mise isteach a macasamhail. Ghoidfeadh siad an tsúil as do cheann. Beidh sé ró mhaith ag Rónán !

Radharc 11

Sa Bhus

Páiste

‘Mháistreás – dtig linn ‘dhul isteach sa chaifé.

Máist

Níl siad oscailte inniu, dúirt sí rud inteacht fá shiopa Rónáin.

Tiom

Maith go leor, níl sé ach suas an bealach mór.

Radharc 12

Sa Siopa

- Rónán** Sin Maggie Roberts a bhí ar an fón.
- Bríd** Cad é a bhí de dhíth uirthi?
- Rónán** Chuir sí lán bus páistí scoile chugainn.
- Bríd** Nach maith í? Ní bhíonn muidne rómhaith di.
- Rónán** Arú, seanbhean, chead aici!
- Bríd** Óg nó sean, is maith í.
- Rónán** Déan deiir, c'mon, Jelly Tots 90c.
- Bríd** Shíl mé gur 30c a bhí siad.
- Rónán** Lollipops 50c.
- Bríd** Ní raibh siad ach 10c inné.
- Rónán** Recession.
- Bríd** Ó, tuigim.
- Rónán** Gasta, lig isteach iad.
- Máist** Thig libh dhul isteach tamall beag.

Radharc 13

Istigh sa tSiopa

Páistí ag goid!

Radharc 14

Taobh amuigh den tSiopa

Briggs ‘Nár chóir dúinne a bheith istigh sa siopa ag coinneáil súil ar rudaí?

Máist Arú, fág iad. Beidh siad go breá. Is páistí maithe an chuid is mó acu.

Briggs Sé an chuid eile a chuireann imní orm.

Máist Dhéanfaidh an siopa céanna tréan proifid.

Briggs In amanna, sílim go bhfuil na páistí ró-mhillte agat.

Máist Mol an óige...

Radharc 15

Sa tSiopa

Bríd Tá sin doiligh a chreidbheáil. Tá muid glanta amach.

Rónán Ní raibh ansin ach lód amháin fosta.

Bríd Tá fortún déanta againn. Bhí luach céadta ar na seilfeanna sin. Tá an chuid is mó ar shiúl.

Rónán Goitse, cuntas an t-airgead, bhfuil na nótaí agatsa ?

Bríd Nótaí? Shíl mise go raibh siad agatsa.

Rónán Cuartaigh iad...

Radharc 16

Istigh sa Bhus

Páistí lódaithe le achan rud!

Tiom Bhfuil achan duine istigh.

Máist Tá, a Mhicí.

Tiom Bogfaidh muid linn.

Radharc 17

Siopa

Bríd

Na gadaithe, na máistíní!

Rónán

Maggie Roberts! Nach maith í?

Radharc 18

Sa Bhus

Briggs Tá barraíocht dá ndóigh féin ag na páistí seo. Tá siad ar fiáin.

Máist Riail amháin atá againn inniu, go mbeidh lá maith ag na créatúir.

Briggs Caithfear a bheith cruálach le bheith cineálta uaireanta.

Máist B'fhéidir é ach ní inniu an lá do sin. Bhfuil sibh ag éisteacht a pháistí? Siocair go raibh sibh uilig iontach maith go dtí seo , rachaidh muid go dtí an Zú tamall.

Briggs Ní thig...

Tosnaíonn Reillí ag ceol.

Reillí Tá muid ag gabháil go dtí an Zú.
Eilifint agus cangarú.
Níl sibh ag teacht, bú hú, bú hú,
Mar tá muid ag gabháil go dtí an Zú!

Máist Goitsigí. Fagaigí deireadh ar an bhus.

Lúcháir ar na páistí.

Radharc 19

An Zú

Grupaí páistí ag amharc ar ainmhithe éagsúla agus ag amaidí.

Briggs An bhfeiceann sibh na crúba sin? Thiocfadh leo drochbhail a thabhairt oraibh.

Páiste An dtiocfadh leo muid a mharú?

Briggs Cad chuige an bhfuil siad istigh i gcás, i do bharúil?

Páiste Cad chuige a maraíonn siad daoine?

Briggs Sin a nádúr – ní thig leat éalú ón dúchas.

Máist Bhfuil sibh ag baint suilt as?

Páiste ‘dTig linn dul go dtí Zú na bPáistí anois?

Briggs Ceart go leor rachaidh muid uilig.

Máist Sin tú, tá mé ag gabháil fá choinne cupa caifé, ar mhaith leat a theacht?

Briggs Bhí mé ar mo bhealach go Zú na bPáistí.

Páiste Dhéanfaidh muid féin gnóithe a mháistir.

Máist Arú, goitse. Beidh siad go breá.

Briggs Níl a fhios agam an dtig iad a thrust leo féin.

Fear Zú Amharcfaidh mise ‘na ndiaidh ar feadh tamaill.

Briggs Maith go leor, mar sin.

Téann Briggs agus an mháistreas amach.

Fear Zú Goitsigí, rachaidh muid go Zú na bPáistí anois.

Radharc 20

Zú na bPáistí

Páistí ag amaidí agus ag goid na n-ainmhithe. Imíonn siad agus tugann an Fear Zú faoi deara go bhfuil gach áit folamh.

Fear Zú Na gadaithe, na máistíní, taraigí ar ais anseo!

Radharc 21

Ar ais sa Bhus

Briggs Níl an lá seo go holc.

Máist Nár dhúirt mé leat gur páistí deasa iad?

Labhrann sí leis an tiománaí.

Máist Bhfuil na páistí uilig ar ais a Mhicí?

Tiom Tá, agus tá tréan calláin acu!

Tig fear an Zú , agus é ag rith.

Máist Ar fhág muid a dhath inár ndiaidh?

Fear Zú Cé atá i gceannas anseo?

Máist Ó, an tUasal Briggs.

Briggs An ndearna muid dearmad dá dhath?

Máist Suaimhneach, a pháistí . . .

Fear Zú Páistí! Ní páistí iad, ach ainmhithe. Ní sin Zú amuigh ansin, seo an Zú – anseo sa bhus.

Briggs Ar mhiste leat srian a chur ar do theanga agus a insint dom cad é atá cearr leat?

Teann Fear an Zú isteach sa bhus.

Fear Zú Éistigí, tugaigí ar ais na peataí uilig a ghoid sibh.

Labhrann sé le Briggs.

Fear Zú Cuir múineadh orthu sin. Is mór an náire sibh.

Imíonn an fear amach.

Briggs Tá an fhírinne ag an fhear sin. Is ainmhithe sibh. Ní thig sibh a thrust. Coinneofar súil ghéar oraibh as seo amach. A mháistreás, nuair a shroichfidh muid an caisleán roinnfidh muid suas i ngrúpaí iad.

Radharc 22

Sa Chaisleán

- Máist** Anois, an bhfeiceann sibh thuas ansin, sin an áit ar sheasaigh na saighdiúirí. Tá ardán mór...
- Briggs** Bhí na ballaí 10 dtroigh ar doimhne in áiteanna, gan córas teasa mar ba chóir, bhí an áit seo iontach fuar.
- Linda** A mháistir, cén dóigh ar choinnigh siad té san am sin?
- Briggs** Is dócha gur... Cá bhfuil na páistí eile?
- Karen** Tá siad thart áit éinteacht.
- Briggs** Mar a bhí mé ag rá...
- Linda** Bhí tú ag insint dúinn cén dóigh ar choinnigh siad te sa tseanam.
- Briggs** Chaith siad éadach siosmaideach.
- Karen** Ooh, tá an áit seo “spooky”.
- Briggs** Na bí amaideach!
- Linda** Tá eagla ormsa!
- Karen** Agus ormsa!
- Briggs** Stadaigí den amaidí seo! Níl a dhath snseo le heagla a chur oraibh.
- Linda** Níl, maise!
- Karen** Huh!

Reillí agus Digga ag amaidí.

- Linda** Ó, a mháistir, chuir sé a lámh orm.
- Briggs** Cad é a chuir a lámh ort?
- Linda** An taibhse, a mháistir.
- Briggs** Bíodh múineadh oraibh.
- Máist** Nach bhfuil an caisleán seo suimiúil a pháistí? Tá cuid mhór Staire ag baint leis.
- Páiste** Ba mhaith liom dá mbeadh áit mar seo againne sa bhaile.
- Carúil** Cha dtiocfadh linne áit mar seo a bheith againn.

Máist Cad chuige?

Carúil Bheadh sé millte againn. Ní fiú a dhath muid.

Máist Anois níl sibh chomh holc sin.

Labhrann Briggs le Carúil agus le páistí eile.

Briggs Bainigí na bonnaí as.

Máist Bhí mise ag caint leis na páistí sin.

Briggs Tá mise ag caint leatsa. Caithfidh an amaidí seo stad.

Máist Nach maith leat páistí a fheiceáil sona sásta?

Briggs Chuir an Príomhoide mise anseo le smacht a choinneáil orthu, agus déanfaidh mise sin.

Máist Bhal, thig leat sin a dhéanamh am inteacht eile. Tá muid ag gabháil go dtí an trá anois.

Briggs An trá?

Máist Sin díreach é!

Radharc 23

An Trá

Jimí A Mháistreás, ‘bhfuil cead agamsa ‘dhul ag snámh?

Páiste Níl togs ar bith agat!

Máist Tá sé ró-chontúirteach a thaisce.

Jimí Le do thoil, a Mháistreás!

Máist A Jimí, dá dtiocfadh a dhath ortsa, ní bheadh peata beag ar bith agamsa ansin!

Jimí Níl sé domhain...

Páiste Tá mé tuirseach ag éisteacht leat.

Caitheann sé san uisce é.

Jimí Tá mé fluich báite agat. Gheobhaidh mé fliú anois!

Páiste Arú, bí i do thost a sheanbhean!

Tosaíonn an troid. Tchíonn Briggs iad.

Briggs Tagaigí sibhse liomsa bomaite. Anois.

Carúil ‘mBeidh muid i bhfad eile anseo?

Máist Nach bhfuil tú ag baint suilt as an lá a Charúil?

Carúil Tá, ach níl mé ag iarraidh a dhul ‘na bhaile. Ba mhaith liom fanacht.

Máist Cha dtig leat, a thaisce. Ní thig le rudaí fanacht mar seo i gcónaí. Sin an saol a Charúil.

Carúil Tá an áit seo go tarraingteach, bláthanna deasa, ceol na n-éan, fuaim na farraige, suaimhneas.

Máist Imigh agus cruinnigh cuid de na blátha le tabhairt leat abhaile.

Radharc 24

Na Carraigeacha

- Andr** Tabhair dom smailc.
- Digga** Ceannaigh do chuid féin!
- Andr** Arú, ‘dom smailc.
- Reillí** Ceart go leor a Sweetí?
- Paiste** A Mháistreás, tá sé ar obair arís.
- Máist** Déan an rud a d’iarr mé ort a dhéanamh leis.
- Páiste** Níl mé...ábalta, a Mháistreás.
- Máire** Fág agamsa é.

Siúlann sí anonn chuig Reillí.

- Máire** Bhal, a Reillí, tá mise anseo.
- Reillí** Eh...
- Máire** Tá mé i ngrá leat...gorgeous.
- Reillí** Stad den amaidí a Mháire.
- Máire** Ó, níl mé ag amaidí. C’mon.
- Reillí** ‘Mháistreás, obair léi stad, ní raibh mise ach ag magadh.
- Máist** Tá tú ró-thugtha don mhagadh a Bhriain. Ní maith le haonduine sin.
- Reillí** Tá mé buartha a mháistreás.

Cloistear na páistí ag seitgháirí.

- Reillí** Bhal, ar a laghad, tá mise gorgeous!
- Digga** Beidh cluiche peile againn. Éirígí! Tá sibh buí go leor anois.

Tosaíonn cluiche beag. Téann an mháistreas sna cúil.

- Máist** Tá mé tuirseach.
- Andr** Arú, ‘Mháistreás, níl goalie ar bith againn anois.
- Máist** Rachaidh Carúil sna cúil.

Páiste Níl sí anseo a Mháistreás.

Máist Bhí sí ag cruinniú bláthanna thall ansin. Scairtigí uirthi.

Páiste Ní fhaca muidne í.

Máist Cá bhfuil sí? Ó, ní thiocfadh léi...

Tig Briggs ar ais.

Máist An bhfaca tú Carúil le tamall?

Briggs Ní fhaca.

Máist Ó, a Dhia.

Briggs Chaill sibh í! Is iontach nach bhfuil lán bus caillte.

Máist Arú, fuist. ‘Bhfuil fhios agat go bhfuil Carúil caillte?

Eagraíonn sí páistí le dul á cuartú. Labhrann sí le Briggs.

Máist Munar mhiste leat, an gcuardóidh tusa an aill?

Radharc 25

An Aill

Tá Carúil ar an aill.

- Briggs** Carúil Chandler! Cé thug cead duitse theacht aníos anseo?
- Carúil** Níor thug aonduine.
- Briggs** Bhí a fhios agam gur seo an deireadh a bheadh ar rudaí. Tá sibh millte ag an mháistreás.
- Carúil** Níl muid millte. Níl a dhath againn. Tuigeann an mháistreás sin. Tá sí maith.
- Briggs** Éist liomsa anois.
- Carúil** Ná tar do mo chóir.
- Briggs** Gabh mo leithscéal?
- Carúil** Níl mé do d'iarraidh. Abair leis an mháistreás imeacht gan mé.
- Briggs** Sin go leor, níl mé ag gabháil a ghlacadh leis seo.
- Carúil** Tar coiscéim eile, agus léimfidh mé...
- Briggs** Bhéarfaidh me cúig soicind duit . 1,2...
- Carúil** Ná tar do mo chóir, léimfidh me.
- Briggs** Cad é atá tú ag iarraidh a dhéanamh?
- Carúil** Fág mé. Tá mé ag iarraidh fanacht anseo.
- Briggs** Cad chuige?
- Carúil** An miste leatsa? Ní bheidh imní ar bith ortsa.
- Briggs** Níl sin fíor.
- Carúil** Ní maith leat mé.
- Briggs** A Charúil, is máistir scoile mé.
- Carúil** Tá's agam, ach, ní maith leat páistí.
- Briggs** Cad chuige a ndeir tú sin?
- Carúil** Bíodh múineadh oraibh...
Cad chuige a dtig tú 'na scoile...
Tá sibh ar fiáin...
Is ainmhithe sibh...

Bainigí na bonnaí as...

Briggs B'fhéidir go bhfuil pointe agat a Charúil. Le do thoil, bog anall píosa, le do thoil, píosa beag eile.

Carúil 'Bhfaighidh mé isteach i dtrioblóid anois?

Briggs Ní bhfaighidh tú. Geallaim sin duit.

Tig an mháistreas agus na páistí eile.

Máist A Charúil, cá raibh tú? Bhí muid uilig á cuartú.

Briggs Ceart go leor a mháistreás, tá seo socraithe agamsa.

Máist Cá raibh tú?

Carúil Ar an aill, a mháistreás.

Máist Ar an...

Briggs A Mháistreás, lig domsa dealáil le seo, le do thoil. Achan duine, isteach sa bhus libh.

Radharc 26

An Bus

Tiom

Ar ais ‘na scoile. An é?

Briggs

A pháistí, tá súil agam go raibh lá maith agaibh uilig inniu. Bhí cuid mhór le foghlaim againn uilig, agus b’fhéidir gur fhoghlaim mise níos mó ná aonduine. Ar an bhealach ‘na bhaile, rachaidh muid go dtí an Sorcas!

Páistí

(*Ag ceol:*)

Maith thú Briggsí, maith thú...

Maith thú Briggsí, maith thú...

Maith thú, maith thú, maith thú, maith thú . . .